FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Gníomhaíocht an Aontais chun iascaireacht neamhdhleathach a chomhrac – Córais rialaithe atá i bhfeidhm ach atá lagaithe ag seiceálacha agus smachtbhannaí míchothroma ag na Ballstáit

European
Commission

Ábhar

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-V) 3

RÉAMHRÁ (Míreanna 1-23) 4

RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 24-26) 4

BARÚLACHA (Míreanna 27-91) 5

CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (Míreanna 92-103) 5

Moladh 1 — Faireachán a dhéanamh go dtreisíonn na Ballstáit a gcórais rialaithe chun cosc a chur ar tháirgí iascaigh neamhdhleathacha a allmhairiú, agus an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh 5

Moladh 2 – A áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit smachtbhannaí athchomhairleacha i bhfeidhm i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí 6

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den Rialachán Airgeadais, agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-V)

Freagra coiteann ón gCoimisiún ar an achoimre feidhmiúcháin

I. - IV.

Is díol sásaimh don Choimisiún an t-iniúchadh seo agus a chonclúidí maidir le córas an Aontais chun iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte (NNN) a chomhrac.

Is fadhb dhomhanda í iascaireacht NNN. Leis sin, baintear an bonn d'iarrachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus iltaobhacha chun stoic éisc a chaomhnú agus a bhainistiú agus, mar thoradh air sin, cuirtear bac ar an dul chun cinn i dtreo sprioc inbhuanaitheacht fhadtéarmach acmhainní bhitheolaíocha na mara a bhaint amach. Trí ghníomhaíochtaí iascaireachta NNN a chomhrac, is féidir leis an bpobal domhanda comhlíonadh níos fearr na rialacha agus na rialachán is infheidhme a bhaint amach. Mar sin féin, ní féidir leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht NNN a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní muirí ar bhealach inbhuanaithe toisc go n-éilítear leis sin ar an gcéad dul síos, glacadh beart éifeachtach caomhnaithe agus bainistithe le haghaidh na stoc ábhartha agus a n-éiceachóras. Dá bhrí sin, leanann an tAontas de bheith ag gníomhú laistigh de gach Eagraíocht Réigiúnach Bainistithe Iascaigh a bhfuil sé ina bhall díobh agus le tríú tíortha ábhartha a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha ag an Aontas leo chun bearta den sórt sin a bhunú, i gcomhréir le comhairle eolaíoch, agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tAontas agus cabhlaigh tríú tíortha na bearta sin.

Tá raon feidhme uilíoch, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach ag 'Rialachán NNN' an Aontais Eorpaigh (Rialachán CE 1005/2008 ón gComhairle). Is é is aidhm dá scéim um dheimhniú gabhála a áirithiú nach féidir le táirgí iascaigh a fhaightear ó ghníomhaíochtaí iascaireachta NNN áit ar bith ar domhan dul isteach i margadh an Aontais. Le Rialachán NNN, tugtar de chumhacht don Choimisiún Eorpach freisin tíortha a shainaithint nach gcomhoibríonn sa chomhrac i gcoinne iascaireacht NNN. Leis sin, foráiltear maidir le hócáid le haghaidh idirphlé idir an Coimisiún Eorpach agus tríú tíortha, agus é mar chuspóir aige a áirithiú go gcloífidh gach náisiún lena ngealltanais idirnáisiúnta sa chomhrac i gcoinne iascaireacht NNN. Is deis uathúil é an t-idirphlé sin chun comhar a dhéanamh agus chun comhlíonadh agus rialachas iascaigh a chur chun cinn ar fud an domhain.

Le córas rialaithe iascaigh an Aontais, ceanglaítear ar na Ballstáit smachtbhannaí éifeachtacha comhréireacha athchomhairleacha a fhorchur maidir le gach sárú tromchúiseach ar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh. Cé go n-eascraíonn smachtbhannaí as formhór na sáruithe tromchúiseacha, tá difríochtaí suntasacha ann ar fud na mBallstát maidir le cineál agus leibhéal na smachtbhannaí a fhorchuirtear le haghaidh sáruithe tromchúiseacha comhchosúla, agus maidir le húsáid beart tionlacain eile. Is é an éifeacht phraiticiúil atá ag an staid sin go mbaintear an bonn de rialú iascaigh i gcoitinne trí, *inter alia*, a gcineál éifeachtach athchomhairleach a bhaint de na smachtbhannaí sin, agus ag an am céanna imríonn sí tionchar diúltach ar fhorbairt chothrom na Féinne agus cultúir comhlíontachta laistigh den Aontas. Thar aon ní eile, cuireann sé sin le méadú riosca na hiascaireachta NNN.

Tugann an Coimisiún dá aire go mbaineann go leor de na heasnaimh a shainaithin CIE agus a cuid moltaí go príomha le cur chun feidhme seiceálacha agus smachtbhannaí ar leibhéal na mBallstát. Cé gur thionscain an Coimisiún treoirthionscadail AE i gcoinne Ballstát aonair le déanaí chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh shonracha a d'fhéadfadh a bheith ann ina gcórais rialaithe agus smachtbhannaí, is iad na Ballstáit atá freagrach as córas rialaithe iascaigh

an Aontais a chur i bhfeidhm i gceart chun comhlíonadh an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, mar a chinneann CIE freisin i mír 64.

Chun cothrom na Féinne a chruthú agus aghaidh a thabhairt ar laigí, lena n-áirítear roinnt díobh sin a shainaithin CIE san iniúchadh seo (agus ina iniúchadh roimhe seo), mhol an Coimisiún in 2018 (COM/2018/368 final) roinnt athruithe ar an reachtaíocht atá ann cheana, atá fós faoi chaibidil le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle. Féachann an togra, *inter alia*, le comhchuibhiú chórais smachtbhannaí na mBallstát a fheabhsú, go háirithe i gcás sáruithe tromchúiseacha. Áirítear leis sin cáiliú uathoibríoch sáruithe áirithe mar chritéir thromchúiseacha níos comhchuibhithe chun tromchúis sáruithe eile a chinneadh, agus bunú íosleibhéal agus uasleibhéal caighdeánaithe smachtbhannaí i gcás sáruithe tromchúiseacha.

Le glacadh thogra 2018 ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chóras rialaithe iascaigh an Aontais ag comhreachtóirí an Aontais, chuideofaí leis an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar roinnt laigí ar leibhéal na mBallstát arna sainaithint ag CIE i gcomhthéacs na hiniúchóireachta sin, lena n-áirítear úsáid éigeantach an chórais dhigitigh IT CATCH lena ndéanfaí an bainistiú riosca a chomhchuibhiú i réimse an deimhnithe gabhála, chomh maith le córas smachtbhannaí níos éifeachtaí agus níos comhchuibhithe.

V. Glacann an Coimisiún leis an dá mholadh maidir leis an gcreat dlíthiúil atá i bhfeidhm faoi láthair laistigh dá ról agus dá raon feidhme gníomhaíochta.

RÉAMHRÁ (Míreanna 1-23)

Freagraí ón gCoimisiún:

10. Measann an Coimisiún nach féidir leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht NNN a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní muirí ar bhealach inbhuanaithe toisc go n-éilítear leis sin ar an gcéad dul síos, glacadh beart éifeachtach caomhnaithe agus bainistithe le haghaidh na stoc ábhartha agus a n-éiceachóras. Dá bhrí sin, ní hionann iascaireacht neamh-inbhuanaithe agus iascaireacht NNN. Ní hionann deireadh a chur le hiascaireacht NNN agus deireadh a chur le hiascaireacht neamh-inbhuanaithe.

14. Ní chumhdaítear allmhairiú táirgí iascaigh amháin le Rialachán NNN. Tá oibleagáidí ar na Ballstáit ann freisin, ní hamháin maidir le hallmhairí ach maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír ag soithí tríú tír agus náisiúnaigh tríú tír chomh maith le liosta soithí NNN agus an córas idirphlé le tríú tíortha, chun feabhas a chur ar an gcomhrac domhanda i gcoinne iascaireacht NNN. Cumhdaítear leis an Rialachán maidir le Rialú ar Iascach freisin comhlíonadh soithí tríú tír a bhíonn ag iascaireacht in uiscí an Aontais agus comhlíonadh oibreoirí sa slabhra soláthair.

RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 24-26)

Gan aon fhreagra ón gCoimisiún.

BARÚLACHA (Míreanna 27-91)

Gan aon fhreagra ón gCoimisiún.

CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (Míreanna 92-103)

Freagraí ón gCoimisiún:

94. Aontaíonn an Coimisiún le measúnú CIE nach bhfuil na córais rialaithe atá i bhfeidhm chun iascaireacht neamhdhleathach a chomhrac éifeachtach ach i bpáirt agus, dá bhrí sin, mhol sé athruithe i gcomhthéacs a thogra le haghaidh athbhreithniú ar an rialachán maidir le rialú ar iascach.

98. Ní hé cosc a chur ar tháirgí iascaigh a eascraíonn as iascaireacht NNN ó theacht isteach san Aontas an t-aon chuspóir atá ag an bpróiseas cardála. Is é is cuspóir dó freisin a chur chun cinn go gcloífidh gach tír lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta mar Stát brataí, Stát cósta, Stát calafoirt nó Stát margaidh a mhéid a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht NNN.

Moladh 1 — Faireachán a dhéanamh go dtreisíonn na Ballstáit a gcórais rialaithe chun cosc a chur ar tháirgí iascaigh neamhdhleathacha a allmhairiú, agus an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh

1.A. Glacann an Coimisiún leis an moladh sin.

Sa bhreis ar thabhairt isteach córais TF uile-Aontais, CATCH, in 2019 ag an gCoimisiún, arna iarraidh sin ag na Ballstáit, ag Parlaimint na hEorpa agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha, chun faireachán a dhéanamh ar dheimhnithe gabhála agus chun seiceálacha agus nósanna imeachta fíorúcháin a éascú, mhol an Coimisiún, mar chuid dá thogra maidir le hathbhreithniú ar an Rialachán um Rialú (COM(2018)368), bunús dlí le haghaidh úsáid éigeantach CATCH ag geallsealbhóirí an Aontais (údaráis, allmhaireoirí agus oibreoirí). Tá muinín ag an gCoimisiún go gcuirfear le cur chun feidhme an mholta, a luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa an bunús dlí maidir le húsáid éigeantach IT CATCH ag údaráis agus oibreoirí an Aontais Eorpaigh.

Go dtí go nglacfar an t-athbhreithniú atá beartaithe ar an Rialachán um Rialú, ó 2020 i leith, tá an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, ag obair ar shainaithint foláireamh riosca uathoibrithe agus ar fhorbairtí TF gaolmhara ina leith agus ar uathoibriú seiceálacha áirithe i gcomhthéacs IT CATCH, agus leanfaidh sé ar aghaidh leis an obair sin.

Glacann an Coimisiún le spriocdháta cur chun feidhme 2026, a mhéid a ghlacann an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa an bunús dlí le haghaidh úsáid éigeantach CATCH ag geallsealbhóirí, ar cuid é de thogra COM(2018)368 ón gCoimisiún maidir leis an Rialachán um Rialú a athbhreithniú, in am trátha roimh an spriocdháta, rud nach bhfuil neart ag an gCoimisiún air.

1.B. Glacann an Coimisiún leis an moladh sin maidir leis an gcreat dlíthiúil atá i bhfeidhm faoi láthair.

Maidir le húsáid aonfhoirmeach na gcritéar sainaitheanta riosca, aontaíonn an Coimisiún le Moladh 1(b) a mhéid a thagraíonn sé don bhunús dlí reatha (Airteagal 17(3) de Rialachán NNN) lena bhforáiltear go bhféadfaidh na Ballstáit critéir Chomhphobail nó critéir náisiúnta a úsáid chun rioscaí a shainaithint.

D'úsáid an Coimisiún cheana féin na tuarascálacha ó na Ballstáit maidir le cur chun feidhme Rialachán NNN, nach mór a chur isteach gach dhá bhliain i gcomhréir le hAirteagal 55, chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh fhollasacha ina gcur chun feidhme. Sheol an Coimisiún litreacha chuig na Ballstáit inar sainaithníodh réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu agus d'iarr sé go ndéanfaí bearta chun na laigí sin a chur ina gceart.

1.C. Glacann an Coimisiún leis an moladh sin maidir leis an gcreat dlíthiúil atá i bhfeidhm faoi láthair.

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún cheana féin ar na ceistneoirí le haghaidh thuarascálacha na mBallstát dá bhforáiltear faoi Airteagal 55 de Rialachán NNN don tréimhse tuairiscithe dheireanach 2020-2021; agus déanfaidh sé obair leantach i gcomhar leis na Ballstáit más gá.

103. Aontaíonn an Coimisiún go hiomlán le hábhair imní CIE maidir le cur i bhfeidhm míchothrom smachtbhannaí ag na Ballstáit. In 2019, chun cur leis an eolas atá aige ar chórais smachtbhannaí na mBallstát, rinne an Coimisiún staidéar inar cumhdaíodh 22 Bhallstát, inar léiríodh easnaimh thromchúiseacha maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí agus maidir lena n-éifeacht athchomhairleach. Chun tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na heasnaimh a sainaithníodh sa staidéar agus chun aghaidh a thabhairt orthu, seolfaidh seirbhísí an Choimisiúin treoirthionscadail AE le formhór na mBallstát lena mbaineann agus tá measúnú á dhéanamh acu ar an staid sna Ballstáit eile chun an ghníomhaíocht leantach is iomchuí a shainaithint.

Moladh 2 – A áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit smachtbhannaí athchomhairleacha i bhfeidhm i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí

2.A., B. & C. Glacann an Coimisiún le Moltaí 2(a), 2(b) agus 2(c) maidir leis an gcreat dlíthiúil (an Rialachán maidir le Rialú agus Rialachán NNN) atá i bhfeidhm faoi láthair, laistigh dá ról agus dá raon feidhme gníomhaíochta.

Mar a cuireadh in iúl ina fhreagra ar mhír 103 thuas, aontaíonn an Coimisiún go hiomlán le hábhair imní CIE maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar bhealach míchothrom, neamhéifeachtach nó neamh-athchomhairleach. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún ag obair — agus leanfaidh sé de bheith ag obair — leis na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach agus éifeachtach smachtbhannaí athchomhairleacha trí sheiceálacha agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar na gnéithe uile a dtugtar aghaidh orthu i Moltaí 2(a), 2(b) agus 2(c), i gcomhthéacs na hoibre leantaí ar an staidéar a rinne sé in 2019. Tá dlúthnasc idir an faireachán sin agus an obair leantach ar Mholadh 2(d). Dá bhrí sin, féach sa chomhthéacs sin freisin freagra an Choimisiúin ar Mholadh 2(d).

Sa chomhthéacs sin, seolfaidh an Coimisiún treoirthionscadail AE le formhór na mBallstát lena mbaineann.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur mhol an Coimisiún, ina thogra in 2018 le haghaidh córas rialaithe iascaigh athbhreithnithe, roinnt athruithe ar an reachtaíocht atá ann cheana chun comhchuibhiú chórais smachtbhannaí na mBallstát a fheabhsú, go háirithe i gcás sáruithe

tromchúiseacha. Áirítear leis sin critéir níos comhchuibhithe chun tromchúis sáruithe a chinneadh, cáilíocht uathoibríoch sáruithe áirithe mar sháruithe tromchúiseacha, agus sonrú smachtbhannaí íosta agus uasta caighdeánaithe maidir le sáruithe tromchúiseacha. Mar sin féin, beidh ábhar agus uainiú an athbhreithnithe ar an gcóras rialaithe iascaigh ag brath ar thoradh na caibidlíochta leanúnaí le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, go háirithe maidir leis na smachtbhannaí íosta.

Glacann an Coimisiún le spriocdháta cur chun feidhme 2024.

I bhfianaise an ghnáthnóis imeachta reachtaigh atá ann faoi láthair (féach an mhír thuas) agus chastacht an ábhair, measann an Coimisiún nach féidir leis an spriocdháta cur chun feidhme sin ach tagairt a dhéanamh don Rialachán um Rialú atá i bhfeidhm faoi láthair.

I ndáil leis sin, ní féidir an leibhéal comhchuibhithe dá dtagraítear i moladh 2(c) a theorannú ach don mhéid is féidir de réir na reachtaíochta atá i bhfeidhm.

2.D. Glacann an Coimisiún leis an moladh sin.

Chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i gcórais smachtbhannaí na mBallstát, agus ag brath ar thoradh na dtreoirthionscadal AE, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún bearta feabhais a dhéanamh ag céim níos déanaí chun a áirithiú go mbeidh córais smachtbhannaí na mBallstát éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus chun cothrom na Féinne a chur ar fáil. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta feabhais sin Pleananna Gníomhaíochta, fiosrúcháin riaracháin agus / nó imeachtaí um shárú.

Féach freisin freagra an Choimisiúin ar Mholtaí 2(a), 2(b) agus 2(c) thuas, maidir lena thogra reachtach, lena dtugtar aghaidh ar na heasnaimh sin.

Glacann an Coimisiún le spriocdháta cur chun feidhme mholadh 2(d) chun gníomhaíochtaí amhail pleananna gníomhaíochta a sheoladh. I gcás ina n-áirítear imeachtaí um shárú ar na gníomhaíochtaí is gá chun na heasnaimh a leigheas, bheadh gá le níos mó ama, go háirithe ós rud é go mbaineann an moladh leis na Ballstáit uile.